- (2) Nuair a bheidh doiciméad beartais nó doiciméad rialála á dhéanamh, cuirfidh an tÚdarás Rialála aon chomhairle (más ann di) a chuireann an Painéal Comhairleach ar fáil maidir le gné ar bith den doiciméad san áireamh. Má dhiúltaíonn an tÚdarás Rialála éifeacht a thabhairt d'aon chomhairle ar leith a chuireann an Painéal ar fáil, cuirfidh sé ráiteas scríofa ar fáil don Phainéal ag leagan amach na cúiseanna ar dhiúltaigh sé éifeacht a thabhairt don chomhairle agus, má iarann an Painéal, foilseoidh sé an ráiteas.
- (3) Rachaidh an tAire i gcomhairle le gach Painéal Comhairleach roim dréacht-mheastachán ioncaim agus caiteachais an Údaráis Rialála a cheadú do bhliain airgeadais.
- (4) Má dhéanann nó má eisíonn an tÚdarás Rialála doiciméad beartais nó doiciméad rialála, ní chuireann teip an Údaráis sin comhlíonadh le fo-alt (1) maidir leis an doiciméad an doiciméad féin ó bhail.


Tá sé tábhachtach a lua nach ndúblaíonn nó nach nglacann an Painéal áit gaolmhaireachtaí tionscail /comhlachtaí ionadaíocha reatha leis an Rialtóir Airgeadais, ach féadfaidh sé seasamh leis féin mar "iasachtóir na dála deiridh" i gcomhthéacs na rialála do thionscal na Seirbhísí Airgeadais sna déileálacha a bhíonn aige leis an Rialtóir Airgeadais.



# Baill den Phainéal Comhairleach Tionscail

Bhí roinnt athruithe maidir le ballraíocht an phainéil i gcaitheamh na bliana. D'éirigh Denis Casey, Príomhfheidhmeannach permanent tsb agus Jim Bardon, Cathaoirleach Investor Compensation Company, as an bPainéal. Ceapadh Jonathan Goold ar an bPainéal i Meitheamh, agus ar dhul in éag théarma oifige an Phainéil ag deireadh Meán Fómhair, d'éirigh beirt bhall as oifig. Thar ceann an Phainéil, cuireann an Cathaoirleach a bhuíochas in iúl as obair na mball ceanntearma, Denis Casey, Jim Bardon, Ann Fitzgerald agus Mike Ryan. Cheap an tAire Airgeadais Pat McArdle, Paul O'Connor agus Robert Richardson mar bhaill nua ag deireadh na bliana.


1. **Liam Carberry** Bróicéir Árachais agus Morgáiste, ainmnithe ag an Professional Insurance Brokers Association.
2. **Tony Culley** Stiúrthóir Comhlach, Allianz Insurance.
3. **James Deeny (Cathaoirleach),** Iar-Phríomh Oifigeach Feidhmiúcháin HSBC Ireland agus Stiúrthóir de Hartford Life agus PFPC.
4. **Billy Doyle** Comordaitheoir Forbartha Straitéisí, Comhar Creidmheasa Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, ainmnithe ag an gCumann Forbartha Comhar Creidmheasa.
5. **Pat Farrell** Príomhfheidhmeannach, Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann.
6. **Sarah Goddard** Príomhfheidhmeannach, Dublin International Insurance & Management Association.
7. **Jonathan Goold,** Stiúrthóir Airgeadais agus Achtúire, Acorn Life, ag déanamh ionadaíochta thar ceann Chónaidhm Árachais na hÉireann (ó Bhealtaine ar aghaidh)
8. **Tom Healy,** Príomhfheidhmeannach, Stocmhalartán na hÉireann.
9. **Pat McArdle,** Príomheacnamaí, Grúpa Bhanc Uladh.
10. **Paul O'Connor,** Ceannasaí ar Bhaincéireacht Mhórdhíola agus Riosca, Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann, agus Rúnaí Chónaidhm an Bhainc Idirnáisiúnta in Eirinn
11. **Rober Moynihan** soláthróir neamhspleách d'oiliúint chomhlíonta agus seirbhísí comhairliúcháin faoin mbranda "Irish Regulatory Training & Consulting".
12. **John Murphy** Ceannasaí an Ghrúpa ar Riosca Rialála agus Comhairliúcháin, Banc na hÉireann.
13. **Carmel O'Connor** Páirtí, PricewaterhouseCoopers.
14. **Aileen O'Donoghue** Stiúrthóir, Financial Services Ireland.
15. **John O'Halloran,** Ceannasaí Dí agus Rúnaíochta, Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa.
16. **Eimer O'Rourke** Ceannasaí ar Bhaincéireacht Mhiondíola, Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann, agus Rúnaí Chomhairle Mhorgáiste na hÉireann.
17. **Gary Palmer,** Príomhfheidhmeannach, Irish Funds Industry Association.
18. **Rachel Panagiotis,** Stiúrthóir Bainistíochta, Hansard Europe Limited agus Ball de Bhord Chónaidhm Árachais na hÉireann.
19. **Sean Quirke,** Comhairleoir airgeadais cáilithe le New Ireland Assurance Company agus Idirghabhálaí Morgáiste neamhspleách.
20. **Robert Richardson** Cathaoirleach Chumann Bainisteoirí Infheistíochta na hÉireann, agus Príomhfheidhmeannach, Pioneer Investment Management Limited.



<b>Sprioc 5</b>	<b>Gníomh an Phainéil</b>
<b>Uasmhéadóimid ár n-éifeachtacht oibriúcháin agus costéifeachtúlacht</b>	
Athbheithniú leanúnach ar ár leithdháileadh acmhainní.	Próiseas Athbheithnithe Buiséid
Tabhair faoi athbheithnithe ar phróisis ghnó.	Déan é a mheas i gcomhthéacs Shuirbhé/na ceardlainne leantaí de chuid an tionscail
Plean Straitéiseach, Tuarascáil Bhliantúil agus meastachán bliantúil d'ioncam agus caiteachas a ullmhú.	Páirt a ghlacadh i nuashonrú Phean Straitéiseach an Rialtóra Airgeadais do 2008.  Athbheithniú a dhéanamh ar thoradh an Rialtóra Airgeadais do 2007, agus meastachán na bliana 2008 a mheasúnú

Sprioc 2	Gníomh an Phainéil
<b>Socróimid agus déanfaimid monatóireacht ar chaighdeán do reáchtáil soláthróirí seirbhísí airgeadais fóna agus margáí córa.</b>	
An Treoir um Margáí in Ionstraimí Airgeadais a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an tionscal	Bunaigh meitheal oibre an Phainéil
Earnáil comhar creidmheasa atá cobhsaí ó thaobh cúrsaí airgeadais a chur chun cinn, earnáil a fheidhmíonn ar bhealach trédhearcach agus cothrom agus a chosnaíonn cistí a mball.	Foghrúpa comhar creidmheasa an Phainéil chun monatóireacht a dhéanamh, a rachaidh i gcomhairle leis an bPainéal agus a chuirfidh comhairle ar an bPainéal, agus an Rialtóir Airgeadais, agus chun dul i mbun cumarsáide leis an bPainéal Tomhaltóirí
Páirt a ghlacadh i bplé faoi chosaint iomchuí coigilteas do chomhair chreidmheasa	Mar thuas

Sprioc 4	Gníomh an Phainéil
<b>Eascóidh ár gcur chuige rialála nuálaíocht agus iomaíochas</b>	
Tabhair faoi chlár d'athbhreithnithe dea-chleachtas :	Gníomhaíocht an tionscail/ an Phainéil in athbhreithniú dea-chleachtas
Anailís ar Thionchar Rialála (ATR) a dhéanamh ar thionscnaimh rialála suntasacha	Módheolaíocht chomhaontaithe do Anailís ar Thionchar Rialála a fhorbairt i gcomhpháirt leis an Rialtóir Airgeadais
Prótacal Seirbhíse a fhorbairt dár bpríomh-idirghníomhaíochtaí leis an tionscal, lena n-áirítear comhair chreidmheasa, agus tomhaltóirí..	Obair leis an Rialtóir Airgeadais chun prótacail seirbhísí a rolladh amach
Cuireadh a thabhairt do na Painéil chun ceanglais rialála a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh siúd a chreideann siad a bheith neamhriachtanach.	Aontóidh an Painéal chur chuige leis an Rialtóir Airgeadais



# Clár Oibre an Phainéil do 2007

Is cuid lárnach de ghníomhaíocht an Phainéil in 2007 a chlár oibre a ailíniú le Spriocanna Ardleibhéal an Rialtóra Airgeadais ("Spriocanna") mar a leagtar amach i bPlean Straitéiseach 2007-2009. Ar an modh seo, uasmhéadóidh an Painéal a thoradh óna iarrachtaí fócasaithe. Is iad seo a leanas cúig Sprioc an Rialtóra Airgeadais:

1. Socróimid agus déanfaimid monatóireacht ar chaighdeán do sholáthróirí seirbhísí airgeadais maidir le déileáil lena gcustaiméirí
2. Socróimid agus déanfaimid monatóireacht ar chaighdeán do reáchtáil soláthróirí seirbhísí airgeadais fóna agus margaí córa
3. Soláthróimid faisnéis ábhartha do thomhaltóirí
4. Éascóidh ár gcur chuige rialála nuálaíocht agus iomaíochas
5. Uasmhéadóimid ár n-éifeachtacht oibriúcháin agus costéifeachtúlacht

Is fiú a lua go bhfuil roinnt oibre leanúnaí ag clúdach fhorhóir na Spriocanna idir baill an Phainéil agus baill foirne ainmnithe laistigh den Rialtóir Airgeadais, mar shampla, i rolladh amach an Chóid um Chosaint Thomhaltóirí. Déanann na hait seo a leanas achoimre mar sin ar na háiteanna ina mbeidh tionscnaimh mhóra in idirghníomhaíocht an Phainéil le roinnt de Spriocanna an Rialtóra Airgeadais le linn 2007:

Sprioc 1	Gníomh an Phainéil
<b>Socróimid agus déanfaimid monatóireacht ar chaighdeán do sholáthróirí Seirbhísí Airgeadais maidir le déileáil lena gcustaiméirí.</b>	
Tabhairt faoi athbhreithniú ar an margadh idirghabhálaithe	Foghrúpa Painéil a bhunú chun tabhairt faoi cheisteanna iomaíochais i rialáil idirghabhálaithe agus bróicéirí (lena n-áirítear comhair chreidmheasa nuair a fheidhmíonn siad mar idirghabhálaithe)
Dul i gcomhairle le comhair chreidmheasa maidir le creat cosanta tomhaltóirí iomchuí don phríomhghnó	Glac páirt i gcomhairliúchán agus déan monatóireacht ar fhorfheidhmiú an Chóid i dtaobh chomhair chreidmheasa trí fhoghrúpa

## Doiciméid Rialála á mheas

I gcaitheamh na bliana, thug an Rialtóir Airgeadais cuireadh don Phainéal chun roinnt doiciméad rialála a mheas agus chun aighneachtaí scríofa a ullmhú ar na páipéir chomhairliúcháin seo a leanas:

- PC 8 Smachtbhannaí Riaracháin
- PC 10 An Cód um Chosaint Tomhaltóirí
- PC 14 Íosriachtanais Inniúlachta
- PC 15 Feiliúnach agus Ionracas

Cuirtear gach ceann de na haighneachtaí seo ar an gcuid sin de láithreán gréasáin an Rialtóra Airgeadais a bhaineann leis an bPainéal Comhairleach.


## Suirbhé ar Aonáin Rialáilte

Choimisiúnaigh an Painéal suirbhé ar bheagnach 4000 aonán rialáilte, chun tuairimí tionscal na seirbhísí airgeadais ar rialáil in Éirinn a mheas, agus chun ról agus feidhmiú an Rialtóra Airgeadais a mheas. Bhí an taighde ina chuid ríthábhachtach d'ionchur an Phainéil i bPlean Straitéiseach an Rialtóra Airgeadais 2007-2009, mar a leagtar amach thuas. Is iad seo a leanas na príomhrudaí a fuarthas amach sa suirbhé, ar foilsíodh é i mí Iúil:

- Aontú forleathan go bhfuil gá le rialáil láidir ar mhaithe le tionscal na seirbhísí airgeadais
- Aitheantas láidir go bhfuil an Rialtóir Airgeadais oscailte agus neamhfhoirmiúil a fheiceann an tionscal mar rud an-dearfach
- Gá le hathrú i mbéim rialála i dtreo nuálaíochta agus iomaíochais
- Ba cheart go mbeadh rialáil Airgeadais níos oiriúnaí agus níos cheart an oiread dua a bheith ag baint leis, go háirithe i gcás gnólachtaí níos lú nuair is saincheist mhór é costas comhlíonta

Tá tuilleadh meastóireachta ar thorthaí an tsuirbhé ar bhonn earnálach ag dul i gcion ar chláir oibre an Phainéil do 2007.

Tá na torthaí ar fáil ina n-iomláine ar an gcuid sin de láithreán gréasáin an Rialtóra Airgeadais a bhaineann leis an bPainéal Comhairleach.



Phléigh foireann an Rialtóra Airgeadais go gníomhach le hionadaithe an Phainéil i dtaca le comhdhéanamh eilimintí éagsúla an chaiteachais iarbhír agus bhuiséadaithe. Creidimid gur gníomhaíocht thábhachtach é an próiseas chun comparáid a dhéanamh idir an buiséad agus caiteachas iarbhír ar bhonn ráithiúil agus is ceann é ar mhian linn leathnú chuig réimse na seirbhísí comhroinnte.

Ar an iomlán, cé nach bhfuil aon údar imní rómhór ann, tugann an Painéal faoi deara go bhfuil €51.6 milliún ann i mBuiséad 2007, i gcomparáid le toradh measta de €47.3 milliún, méadú de 9%, trí oiread ráta an bhoilscithe a bheag nó a mhór. Laistigh de seo, is iad costais foirne an céatadán is mó den chaiteachas, is e sin €24 milliún, le líon foirne buiséadaithe de 350 duine le hais líon foirne de 330 ag deireadh na bliana. Ó tharla gurbh é líon foirne buiséadaithe do 2006 ná 350 freisin, ní cinnte an mbeidh an Rialtóir Airgeadais in ann cóimheá a bhaint amach idir earcaíocht agus caillteanas foirne in 2007 sa timpeallacht fostaíochta bisiúil faoi láthair. Beidh impleachtaí ag aon titim shuntasach in earcaíocht d'áireamh an Tobhaigh in 2007.

Ceaptar sa tionscal, idir an tionscal idirnáisiúnta agus intíre, go bhfuil an próiseas lena n-áirítear an Tobhach mí-éifeachtach agus maorlathach, go háirithe maidir lena thionchar ar phróisis bhuiséadaithe chuideachta aonair agus ar uainiú.

Tá áthas ar an bPainéal gur dhearbhaigh an tAire an ranníocaíocht 50% reatha don trí bliana atá amach romhainn ó aonáin rialáilte chun cuid de chostais an Rialtóra Airgeadais a íoc.


Is mian leis an bPainéal a chinntiú go bhfuil caighdeán agus costas na seirbhísí a sholáthraíonn an Banc Ceannais i dtaca le hacmhainní daonna, le teicneolaíocht faisnéise agus le riachtanais fhisiciúla infreastruchtúir an Rialtóra Airgeadais trédhearcach agus réasúnta.

Is díol suntais iad costais seirbhísí comhroinnte, is é sin €16 milliún agus dar leis an bPainéal, tá easpa trédhearcachta ann maidir leis na costais seo rud a chruthaíonn deacrachtaí nuair a dhéantar luach ar airgead a mheas. Fáiltíonn an Painéal roimh cheapachán ball breise na foirne airgeadais rud a cheadódh tuilleadh monatóireachta ar na seirbhísí, agus moltar go ndéanfaí machnamh ar thabhairt isteach na bprótacal caighdeánach atá ann i socruithe eisfhoinisithe tráchtála cosúil le comhaontuithe leibhéal seirbhísí, meastacháin chostais, agus costais tionscadail aontaithe. D'éascódh sé seo athbhreithniú leanúnach ar chaighdeán na seirbhísí.

Sa chomhthéacs seo, tuigeann an Painéal go hanmhaith go bhfuil éilimh Theicneolaíocht Faisnéise agus éilimh eile ann, a eascróidh as clár reachtaíochta reatha an Aontais Eorpaigh, agus go gcaithfear a chinntiú go mbeadh dóthain acmhainní ag an Rialtóir Airgeadais chun tabhairt fúthu seo.

Bheadh imní ar an bPainéal go bhfuil costais na seirbhísí seo i bhfad níos airde ná na costais atá ann san earnáil phríobháideach. Féachfaidh an Painéal le monatóireacht a dhéanamh orthu seo maidir le luach ar airgead in 2007 mar chuid d'fhreagrachtaí an Phainéil chun tuairisciú bliantúil a dhéanamh don Aire ar bhuiséid an Rialtóra Airgeadais.

Mar fhocal scoir, tá an Painéal ag súil freisin le foilsíú na tuarascála Luach ar Airgead ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, go speisialta maidir le haon bhuarthaí a d'fhéadfaidís a chur in iúl i dtaca le costais seirbhísí comhroinnte.



# Gníomhaíocht an Phainéil in 2006

Bhí an Painéal gníomhach i raon de réimsí le linn 2006. Trí cinn de na ceisteanna is tábhachtaí ó thaobh na seirbhísí airgeadais de ab ea ionchur an Phainéil maidir le Plean Straitéiseach an Rialtóra Airgeadais 2007-2009, meastóireacht Bhuiséad bliantúil an Rialtóra Airgeadais do 2007 agus a impleacht don tobhach, agus foilsiú shuirbhé na n-aonán rialáilte, a seoladh ag deireadh 2005. I gcomhréir lena mhandáid, chuir an Painéal aighneachtaí faoi bhráid an Rialtóra Airgeadais freisin ar roinnt topaicí rialála.

## An Plean Straitéiseach 2007-2009

B'fhorbairt mhór í soláthar dhara Plean Straitéiseach an Rialtóra Airgeadais 2007-2009 anuaraidh. Bhí dlúthbhaint bhisiúil ag an bPhainéal leis an Rialtóir Airgeadais maidir leis an bPlean Straitéiseach 2007, agus rinne sé moltaí i dtaca le prótacail seirbhísí, le hanailís ar thionchar rialála, le nuálaíocht agus le forbairt tárgí, i measc rudaí eile, a ghlac an Rialtóir Airgeadais agus atá neadaithe anois ina phróiseas pleanála.


Liostaítear sainmholtaí an Phainéil maidir leis an bPlean Straitéiseach thíos a chabhraigh chun tosaíochtaí an Rialtóra Airgeadais a fhoirmliú:

- Ba chóir cumarsáid leis an dtionscal a fheabhsú.
- Imlínigh cár cheart an cur chuige prionsabailbhunaithe a thabhairt isteach agus cá bhfuil an cur chuige rialacha-bhunaithe oiriúnach.
- Ba chóir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shaineolas an Rialtóra Airgeadais go háirithe maidir le hearnálacha ard-teicneolaíocha an tionscail.
- Ní mór síor-athbhreithniú a dhéanamh ar chostas rialála agus comhlíonta.
- Tabharfaidh bunú prótacal seirbhísí faoi bhuarthaí maidir le soláthar.
- Iarr ar an Rialtóir Airgeadais a bheartas ar nuálaíocht agus a chur chuige rialála a mhíniú don earnáil airgeadais mhórdhíola idirnáisiúnta.
- Cuir Anailís ar Thionchar Rialála i bhfeidhm maidir le gach rialachán nua.
- Ba chóir glacadh le cur chuige níos comhordaithe maidir le forbairt sheasamh an Rialtóra Airgeadais i leith cheisteanna a bhaineann leis an Aontas Eorpach.

Leagann an Painéal béim ar leith ar chuimsiú laistigh den Phlean d'iomáiochas agus de nuálaíocht mar sprioc straitéiseach ardleibhéil, atá bunriachtanach do rath earnáil na seirbhísí airgeadais in Éirinn, sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus sa chomhthéacs intíre araon.

## Meastóireacht ar Bhuiséad an Rialtóra Airgeadais do 2007

Ina thuarascáil don Roinn Airgeadais ar an mBuiséad do 2007, mhaígh an Painéal go raibh a idirghníomhú leis an Rialtóir Airgeadais ar phróiseas measúnaithe an Bhuiséid do 2007 éifeachtach agus bisiúil. Bhuail foghrúpa an Phainéil le foireann an Rialtóra Airgeadais minic go leor ag tosú i Márta chun sonraí ábhartha bliain-go-dáta a thiomsú mar aon leis an toradh measta do 2006, agus chuirfí é seo i gcomórtas le Buiséad 2007 ar mhaithe leis an mBuiséad sin a mheasúnú.



## **An Clár um Rialáil Níos Ferra**

Mar chuid eile d'fheasacht mhéadaithe na timpeallachta domanada, is í tuairim an Phainéil, áit a mbíonn measúnuithe ar thionchar rialála á reachtáil, go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar thionchar na rialachán atá ann agus na rialachán nua i gcomórtas leis an gcás i ndlíteanais iomaíocha eile.

Ó thaobh rialála in Éirinn de, ba cheart freisin don Rialtóir Airgeadais fiafraí an gcruthaíonn rialacháin míbhuntáiste iomaíoch do soláthróirí seirbhísí airgeadais i gcomórtas le soláthróirí seirbhísí an AE atá i mbun margáíochta in Éirinn agus ba chóir é seo a chur an áireamh.

## **Seirbhísí**

Chánamar costas agus caighdeán na seirbhísí atá á soláthar ag an mBanc Ceannais don Rialtóir Airgeadais, go háirithe sna heochairearnálacha tacaíochta, córais faisnéise agus teicneolaíochta. Ní mór a aithint gur minic gurb é suíomh Gréasáin an Rialtóir Airgeadais an chéad phort cuarda do chomhairleoirí agus d'institiúidí idirnáisiúnta a bhfuil spéis acu i ndeiseanna in Éirinn, agus is é seo an fórsa tiomána le haghaidh gnáthfhiosruithe maidir le rialáil airgeadais. Tá an tairiscint reatha ón Rialtóir Airgeadais i bhfad níos lú ná mar a táthar ag súil leis. Mar sin tacaíonn an Painéal go hiomlán le tiomantas an Rialtóir Airgeadais maidir le hathbheithniú iomlán ar a shuíomh Gréasáin mar a leagadh síos sa Phlean Straitéiseach 2007-2009.

Tá mé buíoch de gach ball den Phainéal, lena n-áirítear iad siúd a d'éirigh as oifig i rith na bliana, as a bhfuinneamh agus a dtiomantas ar mhaithe leis an bPainéal le linn 2006.

Gabhaim buíochas freisin lenár gcomhghleacaithe sa Rialtóir Airgeadais, ag gach leibhéal, as a gcúnamh, a dtacaíocht agus a ndíocas ar mhaithe le baint amach chuspóirí an Phainéil. Tá dul chun cinn bisiúil déanta againn le chéile, agus tá mise ag súil go mbainfear amach spriocanna breise in 2007.

**James Deeny**

**Cathaoirleach**

**Painéal Comhairleach Tionscail na Seirbhísí Airgeadais**

## **An Earnáil Árachais**

Bhí forbairtí móra rialála in earnálacha cosúil le baincéireacht, le cistí agus le comhair chreidmheasa le hachar gearr ó shin. Is í an earnáil árachais an chéad ghnó eile d'fhócas rialála mar seo le teacht isteach Sócmhainneacht II agus le socrú síos rialachán athárachais, áit arb í Éire an chéad agus an t-aon dlínse le glacadh go hiomlán le treoir an AE in 2006.

Beidh an méid a bheidh i gceist dúshlánach, agus is gá go mbeadh dóthain acmhainní ag an Rialtóir Airgeadais agus an tionscal araon chun déileáil leis an gcastacht mhéadaithe. Ní mór go mbeadh cur chuige aontaithe ag an dá pháirtí maidir le bainistiú an trasdula, agus ba cheart dóibh a bheith oscailte maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh babhtáil pearsanra i gcás daoine a bhfuil taitní acu.

Tá an Painéal ag súil go mór le beith ag plé go gníomhach leis an Rialtóir Airgeadais i dtaca leis na dúshláin atá ann de bharr an tionscadail Sócmhainneacht II agus táthar ag súil go bhforbrófaí creatlach spriocanna de na gníomhaíochtaí atá ag teastáil i gcás lucht tionsclaíochta agus i gcás an Rialtóra Airgeadais chun a chinntiú go mbeidh forfheidhmiú rathúil ann maidir leis an réimeas rialála nua.

Ní mór an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm freisin don earnáil faoi chuing agus don earnáil athárachais araon.

## **An Earnáil Mhiondíola**


Tá luas i gcónaí faoi athruithe rialála; tá forfheidhmiú réimse tionscnamh, a raibh a mbunús acu in Éirinn agus ag leibhéal an AE araon, faoi lán seoil.

D'fhorbair an Rialtóir Airgeadais an Cód um Chosaint Tomhaltóirí, cód atá forleiththeadach agus a fhéachann le cinntiú, mar is ceart, go bhfuil caighdeán comónta cosanta ann do thomhaltóirí is cuma cén cineál táirge nó soláthróir atá ann. Bíodh sin mar atá, tá bearna ann mar nach ndéanann an Rialtóir Airgeadais maoirsiú i gcás soláthraithe seirbhísí airgeadais áirithe. Mar shampla, ce go bhfuil riachtanais údairithe ann d'idirghabhálaithe morgáiste, níl riachtanais inchomparáide ann d'aonán nach nglacann le taiscí ar mhian leo a bheith ina n-iasachtóirí morgáiste. Dá réir sin, níl an Rialtóir Airgeadais in ann an Cód a chur i bhfeidhm maidir le soláthróirí mar seo, agus b'fhéidir nach mbainfidh a dtomhaltóirí úsáid as na cosaintí a leagtar amach ann.

Impíonn an Painéal ar an Rialtóir Airgeadais plé go reamhghníomhach leis an Roinn Airgeadais chun a chinntiú go líontar bearnaí rialála mar seo d'fhonn forfheidhmiú comhsheasmhach agus trédhearcach na gcaighdeán seo a chinntiú.

## **Foinsíú allamuigh**

Laistigh dá mhandáid chun trácht a dhéanamh ar fhorbairtí domhanda in earnáil na seirbhísí airgeadais a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar Éirinn, tá an Painéal eolach ar an tábhacht mhéadaithe atá ag baint le foinsíú allamuigh. Is ceist fhadtéarmach í seo a d'fhéadfadh torthaí tromchúiseacha a bheith aici d'Éirinn, nuair a chuireann brúnna costas iallach ar sholáthróirí seirbhísí oibríochtaí bunúsacha a bhogadh thar saile. Cé gur léir nár mhór do príomfheidhmeanna rialú bainistíochta agus comhlíonta aonán rialáilte fanacht in Éirinn, mholfaimis don Rialtóir Airgeadais dul i mbun cainte leis an dtionscal maidir le samhlacha foinsithe allamuigh mar seo.



# Ráiteas an Chathaoirligh

## An bhliain go hachomair

Bliain mhór dul chun cinn a bhí in 2006 do Phainéal Comhairleach Tionscail na Seirbhísí Airgeadais ("an Painéal") maidir lena mhandáid a sholáthar. Is cúis ar leith áthais dom na hidirghníomhaíochtaí an-dearfach a bhí againn leis an Rialtóir Airgeadais in athbhreithniú an Phainéil ar an mBuiséad 2007, toilteanas an Rialtóir Airgeadais chun glacadh leis na moltaí a rinne an Painéal i dtaca leis an bPlean Straitéiseach 2007-2009, agus an idirphlé dearfach i leith an Chóid um Chosaint Tomhaltóirí.

## An Earnáil Mhórdhíola

Le roinnt ama anuas, bhí an Painéal i mbun feachtais chun go mbeadh fócas níos mó ar an earnáil mhórdhíola laistigh den Rialtóir Airgeadais, agus feachtas mhéadaithe ar fhorbairtí domhanda. Tá glactha leis seo anois. Tá áthas orainn a thabhairt faoi deara roghnú iomaíochais agus nuálaíochta mar sprioc ardleibhéil i bPlean Straitéiseach an Rialtóir Airgeadais 2007-2009. Tabharfaidh an t-athbhreithniú criticiúil ar an eagraíocht a luadh sa Phlean Straitéiseach 2007-2009 deis eile don Phainéal chun idirghabháil a dhéanamh leis an Rialtóir Airgeadais i dtaca leis seo.

Measaimid freisin gur forbairt dhearfach eile é ceapachán comhordaitheora um ghnóthaí AE agus Idirnáisiúnta, agus séard a rinneamar mar fhreagairt air seo ná fo-ghrúpa speisialta a bhunú chun obriú i ndlúthpháirt leis an gComhordaitheoir chun an chomhpháirt rí-thábhachtach seo d'ár gcomhchlár oibre a fhorbairt. Sa chomhthéacs seo, tá áthas orainn freisin a thabhairt dár n-aire gur ghlac an Roinn Airgeadais páirt ghníomhach sa bhfoghrúpa agus go raibh idirghníomhú le foireann an Rialtóir Airgeadais a fhreastalaíonn ar choistí an AE agus na grúpaí oibre. Ar an mbealach dearfach seo, tá na daoine go léir a bhfuil dlúthbhaint acu le caomhnú agus forbairt sheasamh na hÉireann san AE ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna agus cúiseanna imní an tionscail.

Ó dheireadh na bliana, thug an Cathaoirleach agus stiúrthóirí feidhmiúcháin an Rialtóir Airgeadais cuairt ar Nua-Eabhrac chun bheith ann ag an am céanna le toscaireacht faoi cheannasaíocht Roinn an Taoisigh. Bhuail an Rialtóir Airgeadais le hinstiúidí móra airgeadais, agus leis na príomhrialtóirí lena n-áirítear príomhrialtóirí an Federal Reserve Bank agus Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Thug an Cathaoirleach, Brian Patterson, caint uaidh do chomhthionól phríomhfheidhmeannaigh mhóra baincéireachta agus seirbhísí airgeadais ar chur chuige na hÉireann maidir le rialáil, go háirithe i gcás earnálacha idirnáisiúnta agus mórdhíola. Cuireann an Painéal an-fhálte roimh an tionscnamh, a ardaíonn próifíl na hÉireann mar ionad mór, dea-rialáilte do sheirbhísí airgeadais agus tathantaíonn sé go dtarlóidh gníomhaíochtaí mar seo in ionaid mhóra eile cosúil le Londain agus Páras.

# Clár na nÁbhar

**Ráiteas an Chathaoirligh**

**2**

**Gníomhaíocht an Phainéil in 2006**

**5**

**Clár Oibre do 2007**

**8**

**Baill an Phainéil**

**11**

**Feidhmeanna an Phainéil**

**12**

**Costais an Phainéil**

**13**

